



Ag fáil Pas

BÉARLA AGUS MATAMATIC

Réamhrá: Cabhróidh an ghníomhaíocht agus na ceisteanna seo a bhaineann le Pas nua fháil leis na daltaí scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, cuntais agus suimithe a fhorbairt. Cabhróidh na gníomhaíochtaí breise leo a dtuiscint ar thíortha eile a fhorbairt. Tá seans go mbeidh focail ins an stór focal nach bhfuil feicthe nó cloiste ag na daltaí roimhe seo. Tá Rás Ruairí ag dul ar laethanta saoire ach tá fadhb aige - níl aon phas aige!

Is féidir leis foirm iarratais a bhailiú ag oifig an phoist agus í a chur sa phost ansin freisin. An féidir leat cabhrú leis an fhoirm a chomhlánú ionas gur féidir leis dul ar laethanta saoire?



Foirm Iarratais le haghaidh Pas

Túsainm	Sloinne	Tarraing pictiúr de anseo.
Dáta Breithe	Aois	
Seoladh		
Áit Bhreithe	Náisiúntacht	
Buachaill nó Cailín	Airde	
Dath Súl	Dath Gruaige	

1. Chun seirbhís An Post, Passport Express a úsáid, cosnaíonn sé €9 an pas a chur sa phost agus €80 chun an pas a fháil. Cé mhéid a cosnóidh sé ar Ruairí Rás ina iomláine chun seirbhís An Post, Passport Express a úsáid?
2. Má thugann Ruairí Rás €100 don chléireach in oifig an phoist, cé mhéid sóinseála a bhfaighidh sé ar ais?
3. Tógann sé 10 lá pas nua teacht chugat tar éis duit an fhoirm iarratais a chur sa phost ag oifig an phoist. Tá Ruairí Rás ag imeacht as baile i gceann 23 lá. Cé mhéid lá roimh dó imeacht a bhfaighidh sé a phas tríd an bpost?
4. Maireann pas do dhuine fásta 10 mbliana. Cén bhliain a mbeidh ar Ruairí Rás pas nua a fháil?
5. Tá triúr ball foirne eile ag dul ar laethanta saoire le Rás Ruairí. Tá pasanna ag teastáil uathu siúd freisin. Cén costas a bheidh ann don cheathrar ball foirne rothaíochta pasanna nua a fhail tríd An Post Passport Express?

Stór Focal

pas	iarratas	eachtrach
airde	stampa	tír
foirm	taisteal	tíortha
comhlánaigh	mear	airgeadra
aistrigh		



Ag fáil Pas

BÉARLA AGUS MATAMATIC

Tascanna molta i gcóir Obair Bhaile

Samhlaigh go bhfuil tú féin ag dul ar laethanta saoire cosúil le Ruairí Rás agus go bhfuil do phas féin ag teastáil uait. Comhlánaigh an fhoirm le do chuid sonraí. Cén t-eolas eile ar cheart a chur isteach, an gceapann tú? Nuair atá tú críochnaithe scríobh liosta de na rudaí eile ar fad a mbeidh gá agat a thógáil leat.

Foirm Iarrtais le haghaidh Pas


Túsainm	Sloinne	Tarraing pictiúr díot féin anseo.
Dáta Breithe	Aois	
Seoladh		
Áit Bhreithe	Náisiúntacht	
Buachaill nó Cailín	Airde	
Dath Súl	Dath Gruaige	

- Tá Ruairí Rás tar éis a aigne a dhéanamh suas dul go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá chun roinnt traenáil rothaíochta a dhéanamh. Baintear úsáid as Dollair (US\$) seachas Euro i SAM. Tá Ruairí Rás in ann a chuid Euro a aistriú go Dollair in oifig an phoist ionas go mbeidh airgead le caitheamh aige i SAM. Bíonn pictiúir de dhaoine mór le rá as Stáit Aontaithe Mheiriceá ar na Dollair.

An féidir leat a fháil amach cé atá ar an mbille \$1, \$5, agus \$100 agus cén fáth a bhfuil na daoine seo chomh tábhachtach sin?

- An raibh a fhios agat gur féidir leat do chuid Euro a aistriú go Point Steirling (£STG) ag oifig an phoist má tá tú ag dul go dtí an Ríocht Aontaithe (UK)?

An féidir leat na cathracha móra seo sa Ríocht Aontaithe (UK) a aimsiú agus a mharcáil ar an mapa? Béal Feirste, Caerdydd (Cardiff), Dún Éideann, agus Londain.





Ag fáil Pas

BÉARLA AGUS MATAMATIC

Gníomhaíocht le haghaidh Rang 5 nó 6

- Nuair a aistríonn tú airgead ó airgeadra amháin go hairgeadra eile baineann tú úsáid as an seirbhís 'Airgeadra Eachtrach'. Is féidir do chuid Euro a aistriú go Dollair (US\$) agus go Puint Steirling (£STG) ag oifig an phoist. you can exchange your Euros for US Dollars (US\$) and Pounds Sterling (£STG). €1.00 = \$1.34 nó £0.87 An féidir leat an tábla thíos a chomhlánú leis na méideanna cearta le haghaidh gach aistriú?

Dollair

Euro	=	Dollair (US\$)
1. €1.00	=	\$
2. €	=	\$13.40
3. €5.00	=	\$
4. €	=	\$67.00
5. €100.00	=	\$

Puint Steirling

Euro	=	Puint Steirling (£STG)
1. €	=	£0.87
2. €10.00	=	£
3. €	=	£87.00
4. €50.00	=	£
5. €20.00	=	£

Freagraí

Dollair

1. €1.00 = \$1.34	2. €10.00 = \$13.40	3. €5.00 = \$6.70	4. €50.00 = \$67.00	5. €10.00 = \$134.00
----------------------	------------------------	----------------------	------------------------	-------------------------

Puint Steirling

1. €1.00 = £0.87	2. €10.00 = £8.70	3. €100.00 = £87.00	4. €50.00 = £43.50	5. €20.00 = £17.40
---------------------	----------------------	------------------------	-----------------------	-----------------------



Ag fáil Pas

BÉARLA AGUS MATAMATIC

Comhtháthú leis an gCuraclam

Aistear

Féiniúlacht

Tuigfidh na páistí a gcuid féiniúlachta féin níos fearr agus tuigfidh siad gur daoine iad a bhfuil meas orthu mar dhaoine iontu féin a bhfuil a gcuid scéalta saoil féin le n-insint acu.

- tuigfidh na páistí na tréithe éagsúla speisialta sainiúla a bhaineann leo féin (ainm, airde, dath súl dath gruaige, dáta breithe)

Gheobhaidh na páistí taithí ar bhealaí éagsúla chun smaointe agus mothúcháin a chur in iúl tríd úsáid a bhaint as siombailí

- cuirfidh na páistí a gcuid smaointe in iúl agus déanfaidh siad cur síos ar rudaí nithiúla agus ar eachtraí, tríd pictiúir a tharraingt, tríd péinteáil, nó trí cheardaíocht de shaghas eile a dhéanamh.
- soláthróidh na páistí agus déanfaidh siad taifeadadh ar eolas. Cabhróidh seo leo a dtaithe féin agus taithí daoine eile a thuiscint. Bainfidh siad úsáid as litreacha, focail, abairtí, uimhreacha, comharthaí, pictiúir, dathanna agus cruthanna chun an cur síos seo a dhéanamh

Bunscóileanna

Béarla

- ag scríobh le haghaidh feidhmeanna éagsúla agus do luchtanna léitheoireachta éagsúla
- ag scríobh i seánraí éagsúla atá oiriúnach don scoil agus atá oiriúnach do riachtanais taobh amuigh den scoil freisin
- ag fiosrú agus ag forbairt smaointe agus coincheapa nua tríd caint, tríd díospóireacht stiúrtha agus tríd scríbhneoireacht
- ag cur eagar ar, ag soiléiriú, ag baint tuiscint as agus ag leathnú taithí tríd gníomhaíochtaí teanga ó bhéal a dhéanamh agus tríd Matamaitic a scríobh

Matamaitic

- ag cur coincheapa agus próisis mhatamaiticiúla i bhfeidhm
- ag tuiscint, ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm ionadluach san uimhíochas deichnártha
- ag baint úsáide as coincheapa, scileanna agus próisis atá foghlamtha chun fadhbanna a réiteach
- tomhais a aithint agus a thuiscint ina ngnáthúsáid laethúil

Tíreolaíoch

- mapa cognaíoch oiriúnach den cheantar áitiúil a fhorbairt agus an próiseas sin a oscailt amach do chomhthéacsanna tíreolaíoch níos leithne
- réimse pleananna, mapaí agus cruinneog a thuiscint, a fhorbairt agus a úsáid de réir a chéile

Stair

- staidéar a dhéanamh ar réimse daoine agus eachtraí san am atá caite chun teacht ar thuiscint chothrom ar stair an teaghlaigh, ar stair áitiúil, ar stair náisiúnta agus ar stair na cruinne
- teacht ar thuiscint ar chúrsaí féiniúlachta mar a bhaineann le féiniúlacht áitiúil, féiniúlacht náisiúnta, féiniúlacht Eorpach agus féiniúlachtaí níos leithne tríd staidéar a dhéanamh ar stair agus ar oidhreacht chultúrtha pobal áitiúil agus eile